# KILKENNY COUNTY COUNCIL
## COMHAIRLE CHONTAE CHILL CHAINNIGH

# SCÉIM TEANGA
# 2019 - 2022

***Faoi Alt 15***
***d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003***

# Dúchas & Dóchas

~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~

*Arna fhaomhadh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh De Luan, 25ú Márta, 2019*
~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~~

# CLÁR

**LEATHANACH**


Réamhrá ag an bPríomhfheidhmeannach ..... 3

Réamhrá ag Cathaoirleach Chill Chainnigh ..... 4

**Caibidil 1** Réamhrá agus Cúlra ..... 5

**Caibidil 2** Forbhreathnú ar Chomhairlí Contae Chill Chainnigh ..... 6

**Caibidil 3** Seirbhísí/Gníomhaíochtaí a Chuireann na Rannóga ar Fáil ..... 7

**Caibidil 4** Measúnú ar na seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge ..... 8

**Caibidil 5** Tionscnaimh Bhreise chun Cumais i leith na Gaeilge a Fheabhsú ..... 10

**Caibidil 6** Monatóireacht, Athbhreithniú & Poibliú na Scéime Comhaontaithe ..... 11

# RÉAMHRÁ - AN GHAEILGE BHEO

Is teanga Eorpach lánfheidhme í an Ghaeilge anois. Tá stádas na Gaeilge sainithe go bunreachtúil mar ár gcéad teanga in Alt 8 de Bhunreacht na hÉireann. Tá éifeacht reachtúil ag an nGaeilge de bhua Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na Rialacháin ina dhiaidh sin. Ag leibhéal níos áitiúla, úsáidtear an teanga go laethúil mar chuid dár gcuraclam oideachais. Tá dul chun cinn déanta maidir le Gaelscoileanna agus Naíonraí. Tá an teanga beo.

Agus aird á tabhairt ar na bunchlocha láidre sin tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta do chaomhnú ár dteanga náisiúnta. Leanfaimid orainn le héileamh an phobail in idirbhearta gnó agus sa saol laethúil trí mheán na Gaeilge a éascú.

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo togáil ar fhorálacha na scéimeanna a tháinig roimhe seo agus léiríonn sí bunchloch láidir le haghaidh tuilleadh dul chun cinn ó thaobh na Gaeilge. Soláthraíonn na tacaíochtaí agus na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle rochtain éasca do chustaiméirí ar chomharthaí, treoir agus faisnéis i bhformáid dhátheangach. Tá an Chomhairle tiomanta d'oiliúint na foirne tosaigh agus cuireann tacaíocht ó thaobh na meáin leictreonacha de ar chumas an phróisis freastal ar an éileamh le muinín agus inniúlacht.

**Colette Byrne**
**Príomhfheidhmeannach**

# RÉAMHRÁ - AG OBAIR LE CHÉILE

Is í an Ghaeilge bunchloch ár gcultúir agus ár n-oidhreachta. Tagann sí ó na daoine, ceanglaíonn sí daoine le chéile agus forbraíonn sí leis na daoine. Rinneadh iarrachtaí baint de stádas ár dteanga dhúchais agus í a lagú in úsáid laethúil, san áit oibre agus sa bhaile araon.

Aithnítear tábhacht na Gaeilge i mBunreacht na hÉireann agus sa Reacht Éireannach. Chothaigh an córas oideachais an teanga thar na glúnta. Tá eolas ag iliomad daoine ar an teanga, tá sé de chumas acu í a labhairt agus a scríobh, agus tá siad toilteanach í a úsáid.

Anois tá deis againn na snáitheanna seo go léir a athcheangal agus ár gcuid a dhéanamh chun ár dteanga bheo a athchruthú. Léiríonn an Scéim leasaithe seo clár gníomhaíochta atá curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae Chill Chainnigh chun úsáid níos mó a bhaint as an nGaeilge. Sa chás go gcuirtear faisnéis ar fáil ar bhonn comhionannais i nGaeilge agus i mBéarla, is é is dóichí go roghnóidh custaiméirí i bhfabhar na Gaeilge.

Tá go leor de na bearta a bhfuil cur síos orthu sa Scéim seo leabaithe i struchtúr, próiseas agus teicneolaíocht ár n-eagraíochtaí. Tá rún againn go gcuirfí na háiseanna sin ar fáil do dhaoine a dhéanann teagmháil linn a bhfuil sé i gceist acu úsáid a bhaint as ár seirbhísí éagsúla. Tá siad sin ar fáil go héasca ag ár gcustaiméirí agus iad réidh le n-úsáid. Ó thaobh chumarsáid ó bhéal na líne tosaigh, tá ár lucht eagraithe sásta cabhrú maidir le húsáid laethúil agus fás na Gaeilge.

Táimid tiomanta na spriocanna arna leagan amach sa Scéim seo a thacú agus a chothú. Cé go leathnaíonn an cháipéis thar tréimhse trí bliana leathnaíonn ár bhfhís i bhfad níos faide ná an tréimhse sin. Déanfaidh Cill Chainnigh a cuid maidir leis na bearta sin a bhaint amach.

**An Comhairleoir Eamon Aylward**
**Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh**

# CAIBIDIL 1

**RÉAMHRA & CÚLRA**

Is comhlacht seirbhíse poiblí mór le rá é Comhairle Contae Chill Chainnigh atá suite i gCúige Laighean, in Oirdheisceart na hÉireann. Tá daonra iomlán de 99,118 inti (daonáireamh 2016) agus tá sé mar dhualgas ag na comhlachtaí sin raon leathan seirbhísí poiblí a sheachadadh. Tá comhéadan suntasach custaiméirí i gceist. Tagann iarratais ar chineálacha éagsúla cúnaimh, iarratais ar scéimeanna agus maoiniú agus ráitis ó chustaiméirí isteach agus téann freagraí agus eolas eile amach san fhearann poiblí. Tá an comhlacht seo freagrach chomh maith as eolas a chur le chéile, a chomhghaolú agus a dháileadh i bhfoirm pleananna, polasaithe, tuairiscí agus cáipéisí treoraithe éagsúla.

Soláthraíonn seirbhísí éagsúla eile, mar shampla Seirbhís Leabharlainne an Chontae, deiseanna áineasa agus taitneamhachta, agus déanann feidhm Bhóithre na Comhairle feabhsú agus cothabháil ar an mbóthar, a chuimsíonn comharthaíocht ródbealaigh a shuiteáil agus a dheisiú. Aithnímid go gcaithfimid seirbhísí, teidlíochtaí agus cearta uile ár gcustaiméirí a sheachadadh ar bhealach atá comhsheasmhach go hiomlán leis an seasamh bunreachtúil maidir leis an nGaeilge, a príomhaíocht mar an chéad teanga agus le cearta teanga agus cultúir ár gcustaiméirí go léir.

Ullmhaíodh an scéim áirithe seo de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Foráiltear in Alt 15 d'ullmhúchán scéime reachtúla ag comhlacht poiblí ina sonraítear na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar:

- trí Ghaeilge,
- trí Bhéarla,
- trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon, agus
- na bearta a ghlacfaidh an comhlacht chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraítear trí Ghaeilge a sholáthar amhlaidh.

Dearbhaíodh céad scéim teanga Chomhairle Contae Chill Chainnigh an 10 Lúnasa 2009 agus cuireadh an dara scéim i bhfeidhm in 2013 agus tá sí curtha i bhfeidhm go gníomhach ó shin i leith. Tógann an scéim seo ar scéimeanna na Comhairle a tháinig roimhe seo agus comhlánaíonn sé prionsabail na Scothseirbhíse Custaiméirí agus ár gCairt do Chustaiméirí.

**Ábhar na Scéime Teanga**
Dréachtaíodh an scéim seo ag féachaint d'ábhar na dtreoirlínte reachtúla arna n-eisiúint ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tá an scéim seo bunaithe ar na gealltanais go léir in aon scéim roimhe seo á chur i bhfeidhm. Más rud é nár cuireadh gealltanais i scéimeanna níos luaithe i bhfeidhm go hiomlán go dtí seo, pléifear / nó pléadh an t-ábhar sin le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Beidh an bhainistíocht shinsearach laistigh de gach roinn de Chomhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as cur i bhfeidhm na scéime agus as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

**Dáta Tosaithe na Scéime**
Dhearbhaigh an tAire Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta an scéim seo. Tiocfaidh an scéim i bhfeidhm le héifeacht ó 8ú Aibreán, 2019 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndearbhaíonn an tAire scéim nua de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé ceann acu is túisce.

# CAIBIDIL 2

**Forbhreathnú ar Chomhairlí Contae Chill Chainnigh**
Is é Comhairle Contae Chill Chainnigh an t-údarás reachtúil a chuireann seirbhísí áitiúla ar fáil do mhuintir Contae & Cathrach Chill Chainnigh. Is é seo a leanas ár ráiteas misin:

"Tá sé mar aidhm ag Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh oibriú i gcomhpháirtíocht le pobal uile Chill Chainnigh agus leis na gníomhaireachtaí bainteacha chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar agus chun forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht."

Cuireann Comhairle Contae Chill Chainnigh go leor seirbhísí éagsúla ar fáil, a mbíonn tionchar acu ar shaol gach saoránaigh sa Chontae agus sa Chathair. Seo a leanas na feidhmeanna agus na seirbhísí príomhúla:

- Bainistiú agus soláthar tithíochta
- Bóithre, lena n-áirítear bainistiú agus sábháilteacht tráchta
- Seirbhísí Uisce [faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann].
- Rialú agus Dreasachtaí Forbartha
- Cosaint agus Oideachas Comhshaoil
- Áineas agus Conláiste lena n-áirítear leabharlanna, na healaíona, páirceanna agus ionaid súgartha
- Seirbhísí ilghnéitheacha.

Tá roinnt bunchuspóirí corparáideacha a chuireann taca le príomhaidhmeanna agus le príomhghníomhaíochtaí na Comhairle Contae lena n-áirítear:

> *"tacú leis an bpróiseas daonlathach agus le sainordú na nIonadaithe Tofa agus aithníonn sé chomh maith an gá atá le comhshaol sábháilte, folláin agus tacúil don fhoireann".*

Aontaíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh leis na bunluachanna seo a leanas:

- Rannpháirteachas agus Comhionannas.
- Soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán.
- Feabhsú leanúnach seirbhíse (lena n-áirítear luach ar airgead agus úsáid táscairí).
- Ardchaighdeán maidir le hiompar agus le hionracas.
- Oscailteacht agus freagracht.
- Meas frithpháirteach agus tacaíocht do Chomhaltaí, d'Fhoireann agus don phobal i gcoitinne
- Fócas éifeachtach agus cúramach ar dhaoine.
- Forbairt leanúnach foirne.

**Custaiméirí & Cliaint**
Áirítear ar bhonn custaiméara Chomhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh cónaitheoirí sa Chontae agus sa Chathair, an pobal gnó agus na mílte daoine a thugann cuairt ar an gContae agus ar an gCathair gach lá. Ina theannta sin, bíonn caidreamh oibre ag an gComhairle Contae agus Cathrach le grúpaí éagsúla reachtúla agus neamhreachtúla.

# CAIBIDIL 3

## SEIRBHÍSÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ A CHUIREANN NA RANNÓGA AR FÁIL

**Réamhrá**

Leagtar amach sa Chaibidil seo an seasamh atá ag na Rannóga aonair maidir le soláthar seirbhísí/gníomhaíochtaí laistigh den Chomhairle Contae agus an córas a fheidhmítear i ngach cás maidir leis na teangacha oifigiúla.

**Próifíl Rannóige Chomhairle Contae Chill Chainnigh**

Faoi láthair níl aon rannóg in ann a sheirbhísí a sheachadadh go cuimsitheach trí Ghaeilge. Béarla an teanga oibriúcháin ar fud na seirbhísí Comhairle seo a leanas:

- Soláthar agus Bainistiú Tithíochta
- Bainistiú Bóithre agus Tráchta
- Seirbhísí Uisce
- Pleanáil
- Cuntais iníoctha agus infhaighte
- Forfheidhmiú, Oideachas agus Rialú Comhshaoil
- Brainsí leabharlainne ar fud an Chontae
- Oifig na nEalaíon
- Oifigí Ceantair Uile
- Turasóireacht
- Pobal
- Seirbhís Dóiteáin
- Cosaint Shibhialta

**Rannóga atá ag feidhmiú le cumas teoranta Gaeilge**

Sna rannóga seo a leanas tá roinnt comhaltaí foirne ag an deasc fáiltithe atá in ann seirbhís dhátheangach theoranta a chur ar fáil do chustaiméirí;

- Halla an Chontae
- Ceanncheathrú Leabharlanna Contae agus Cathrach

Tá soláthar seirbhísí ag brath ar na daoine sin a bheith i láthair agus ar fáil chun amhlaidh a dhéanamh áfach i dteannta na ngnáthdhualgas atá orthu. Bhí na comhaltaí foirne sin an-chuidiúil san aimsir a caitheadh agus tá go fóill.

Cuirtear oiliúint ar fáil chun a chinntiú go gcoimeádtar an tseirbhís seo. Tá clár oiliúna curtha i bhfeidhm ag an gComhairle chun go bhféadfaidh daoine teagmhála déileáil le fiosrúcháin. Samhlaítear le linn théarma na Scéime seo go mbeidh oiliúint ar chomhalta foirne déileáil le fiosrúcháin i nGaeilge ag ár Deasc Seirbhísí Custaiméirí i Halla an Chontae.

Is í an aidhm atá ann atmaisféar dátheangachais a chruthú agus a chothú sna rannóga atá liostaithe thuas ionas go mbraithfidh custaiméirí a labhraíonn Gaeilge go bhfuil fáilte rompu agus go dtugtar spreagadh dóibh a gcuid gnó a dhéanamh.

# CAIBIDIL 4

**Measúnú ar na seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge**

Faoi láthair foilsíonn an Chomhairle Contae cáipéisí reachtúla agus ráitis pholasaí eile go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla de réir forálacha alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is go dátheangach a bhíonn comharthaí poiblí sa Chontae agus sa Chathair agus in oifigí na comhairle go ginearálta. Tá comhéadan nascleanúna láithreán gréasáin na Comhairle ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Léiríonn an leathanach baile an méid sin. Cuirtear an t-ábhar socair ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Tá sé d'acmhainn ag an gComhairle cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge i gcás iarratais ó dhuine den phobal. Tá róil éascaitheoirí tugtha do dhaoine ainmnithe d'fhonn tarchur agus freagraí ábalta maidir le riachtanais chustaiméirí trí Ghaeilge a chinntiú.

**Líon Custaiméirí**

D'fhonn measúnú cuí a dhéanamh ar mhéid agus ar nádúr an éilimh agus ar mhéid an bhunachair chliant, déanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh gach cumarsáid agus léiriú a dhéantar trí Ghaeilge a logáil. Déanfar é sin mar chuid den fheidhm Seirbhíse Custaiméirí agus déanfar clár de ghlaoiteoirí agus de chuairteoirí a iarrann seirbhísí trí Ghaeilge a chothabháil. Déanfar mionsonraí maidir le cumarsáidí leictreonacha agus iarratais scríofa eile a iontráil ar inlíon "Gaeilge Log" freisin.

**Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta Comhairle**
**Modheolaíocht agus Taighde a Rinneadh**

Le linn ullmhúchán na scéime, ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh páirt i bpróiseas comhairliúcháin a bhain le:

- aighneachtaí a lorg ón bpobal maidir le hullmhúchán dhréacht-scéime
- aighneachtaí a lorg ó bhaill foirne shinsearacha

**Modhanna Cumarsáide leis an bPobal**

Baineann an Chomhairle úsáid as na modhanna seo a leanas chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal

- Bróisiúir & Bileoga Faisnéise
- Foirmeacha Iarratais
- Foilseacháin
- Preaseisiúintí
- Leathanach coicísiúil i gceann de na nuachtáin áitiúla
- Láithreán Gréasáin
- Facebook, Twitter
- Fógraíocht Poiblí
- An raidió áitiúil

**Cáipéisíocht Scríofa**

Coinneofar i ngnímh i rith shaolré na scéime na polasaithe seo a leanas maidir le catagóirí éagsúla na cáipéisíochta scríofa arna táirgeadh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh;

**(i) Bróisiúir, Bileoga Faisnéise & Foirmeacha Iarratais**

Cuirfear gach Foirm Iarratais nua a eiseoidh an Chomhairle Contae, móide an cháipéisíocht bhainteach a ghabhann leo, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Cuirfear bróisiúir agus bileoga faisnéise nua ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i bhfoirm leictreonach nó mar chóip chrua nuair a iarrtar amhlaidh.

Tá gach fhoirm iarratais phoiblí curtha ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ag an gComhairle. Tá bróisiúir agus bileoga faisnéise ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i bhfoirm leictreonach nó mar chóip chrua. Caithfear mar an gcéanna leis an dá theanga oifigiúla lena chinntiú go gcuirfear seirbhís ar comhchaighdeán ar fáil don chustaiméir i ngach teanga acu.

Déanfaidh an Chomhairle cinnte go gcuirfear cáipéisí ar fáil go dátheangach laistigh den chlúdach céanna ach amháin sa chás nach mbeidh sé indéanta de bharr cineáil, méid nó leagan amach an ábhair.

**(ii) Foilseacháin**

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta a chinntiú go gcuirfear ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla laistigh den chlúdach céanna aon cháipéis pholasaí a bhfaighfear cead foilsithe ón gComhairle ina leith i gcaitheamh shaol na scéime seo ach amháin sa chás nach mbeidh sé indéanta de bharr cineáil, méid nó leagan amach an ábhair.

**(iii) Preaseisiúintí**

Déantar 10% de phreaseisiúintí agus d'fhógraí a fhoilsiú go dátheangach i láthair na huaire.

**(iv) Láithreán Gréasáin**

Faoi réir fhorálacha na scéime roimhe seo, chinntigh Comhairle Contae Chill Chainnigh go mbeidh rochtain idirlín dhátheangach ar gach ábhar statach. Leanann comhéadan láithreán gréasáin na Comhairle de bheith ar fáil sa dá theanga oifigiúil. Bunaíodh seoladh tiomnaithe r-phoist gaeilge@kilkennycoco.ie do dhaoine ar mian leo cumarsáid a dhéanamh go díreach i nGaeilge le Comhairle Contae Chill Chainnigh.

Gaeilge Log: Is éard atá anseo ná bealach inlíon-bhunaithe chun gach cumarsáid i nGaeilge, isteach agus amach, a thaifead agus a rianú.

Is Féidir Linn: Leabhar frásaí inlíon-bhunaithe agus acmhainn foghlama a a thacaíonn leis an bhfoireann ina n-iarrachtaí seirbhís éifeachtach Gaeilge a sheachadadh.

**Cumarsáid ó Bhéal**

Is í an fhoireann ag deasca na seirbhísí custaiméara/na hoibreoirí lasc-chláir is túisce a ndéanann an pobal teagmháil leo. Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta a chinntiú go mbeidh comhaltaí foirne ag an Deasc Seirbhísí Custaiméirí i Halla an Chontae:

- in ann beannú don phobal agus ainm an Chomhairle Contae Chill Chainnigh a thabhairt i nGaeilge;
- in ann custaiméirí a tharchur chuig an rannán nó an suíomh atá uathu;
- in ann custaiméirí a threorú gan mhoill, chuig an oifig nó chuig an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a éilítear a sholáthar trí Ghaeilge, nuair atá sí ar fáil.

I dtaca le hiarratais na Comhairle an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal ar bhealach dearfach ionchorpraíonn imeachtaí poiblí ardphróifíle agus cruinnithe rialta na Comhairle gné dhátheangach ina cuid imeachtaí.

# CAIBIDIL 5

## TIONSCNAIMH BHREISE CHUN CUMAIS I LEITH NA GAEILGE A FHEABHSÚ

**Ciorcal Comhrá**
Mar aitheantas ar a ról mar éascaitheoir don Fhoireann agus don Phobal agus i gcur chun cinn úsáid níos mó a bhaint as an nGaeilge, bhunaigh Seirbhísí Corparáideacha Chill Chainnigh Ciorcal Comhrá. Leathnaíonn an beart seo an deis d'fhostaithe a leibhéal eolais agus úsáid na Gaeilge mar theanga labhartha a leathnú. Bíonn an Ciorcal ar bun gach seachtain, d'fhonn an deis foghlama a leathnú agus beart ar fud an phobail a chumasú. Bíonn na cruinnithe ar siúl ag Leabharlann an Locha Bhuí agus tá fáilte roimh chách. Cuirtear an dara ionad ar fáil ó am go ham i Leabharlann Ferrybank na Comhairle i ndeisceart an Chontae. Tugann na hionaid seo rochtain do na rannpháirtithe ar Acmhainn Ghaeilge arna cinneadh ag ár Seirbhís Leabharlainne.

Léiríonn rannpháirtithe speictream leathan grúpaí sainleasa a fhaigheann cuireadh ó bhunachar custaiméirí ginearálta na leabharlainne, grúpaí tuismitheoirí a tharraingítear ó scoileanna áitiúla agus freagróirí ar fhógraí maidir leis an tionscnamh. Bíonn an Ciorcal Comhrá ar siúl le linn gnáthuaireanta oibre nuair is féidir le gach comhalta foirne a bheith i láthair, d'fhonn feasacht agus cumas níos mó i leith na Gaeilge a chothú laistigh den ghrúpa seo. Bíonn cainteoir líofa Gaeilge i láthair chun é a éascú.

**Oiliúint & Forbairt**
Soláthraíonn an Rannóg Oiliúna tacaíocht do Chomhaltaí Foirne agus do Chomhaltaí Tofa, d'fhonn teagasc Gaeilge a fháil. Mar chuid den tacaíocht sin tá socrúcháin ar chúrsaí oiliúna áisiúla a reáchtáiltear sa réigiún a dhaingniú, seisiúin oiliúna agus feasachta inmheánacha a reáchtáil agus tacaíocht airgeadais iomlán a sholáthar d'oiliúnaithe a théann i mbun oiliúna ceadaithe chun a gcumas Gaeilge a uasghrádú, chun cuspóirí na Comhairle a bhaint amach agus chun freastal níos fearr a dhéanamh ar an bPobal. Soláthraíonn an tSeirbhís Leabharlainne Contae acmhainn shuntasach foghlama agus léitheoireachta Gaeilge atá inrochtana ag Comhaltaí Foirne, Comhaltaí Tofa agus ag an bPobal.

**Comharthaíocht**
Aithníonn Comhairle Contae Chill Chainnigh an tábhacht a bhaineann le léiriú cuí agus cruinn ar logainmneacha agus treoracha dátheangacha. Tá dhá ghné ag an tionscnamh seo ós rud é go bhfuil dearcadh inmheánach agus seachtrach araon i gceist leis.

Go ginearálta, tá comharthaíocht deartha chun cloí leis na ceanglais reachtacha.

Go seachtrach, tá fócas athnuaite ar chur i bhfeidhm cuí na bhforálacha maidir le logainmneacha mar a leagtar amach sa tOrdú Logainmneacha agus léiriú cuí na logainmneacha sin i dtéarmaí litrithe agus formáid téacs chuí. Tá súil go gcuirfidh an tionscnamh an Ghaeilge i gcomhthéacs cuí ina léiríonn logainm áit agus ina dtuigtear go soiléir an nasc atá idir an logainm sin agus stair agus tíreolaíocht Chontae Chill Chainnigh. Déantar foráil sa Phlean Forbartha Contae go dtugtar aird chuí d'ainmniú eastát nua i nGaeilge agus léiríonn sé sin síneadh breise ar an tionscnamh seo.

**Aistriúcháin**
Faoi láthair baineann Comhairle Contae Chill Chainnigh úsáid as seirbhísí Accredited Translation. Cinntíonn sé sin na caighdeáin is airde san aistriúchán agus cinntíonn sé go gcloítear le gnásanna inghlactha agus réamhshocraithe maidir le húsáid na Gaeilge. Dá bhrí sin, tá caighdeán chomhéadan na hEagraíochta / na gCustaiméirí ráthaithe.

**Ábhair Chlóbhuailte**
Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi uasghrádú ar théacs, cló agus formáid ar fud a raon páipéar sainchlóite agus duillíní dea-mhéine. Tugann sé seo na hábhair atá i gceist cothrom le dáta

agus laistigh de raon comhlíonta reachtaíochta i dtéarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

# CAIBIDIL 6

## MONATÓIREACHT, ATHBHREITHNIÚ & POBLIÚ NA SCÉIME COMHAONTAITHE

**Monatóireacht & Athbhreithniú**
Déanann Roinn na Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú ar fheidhmiú na scéime d'fhonn a chinntiú go ndéantar cur chun feidhme na mbeartas agus na dtionscnamh atá leagtha amach sa Scéim seo a choimeád agus go ndéantar dul chun cinn a chothabháil. Cuirtear torthaí chuig an Foireann Bainistíochta Sinsearaí na Comhairle le haghaidh faisnéise agus gníomhaíochta nuair is gá.

Beidh na bainisteoirí líne i ngach roinn freagrach as feidhmiú na scéime ó lá go lá. Foilseofar sonraí an dul chun cinn maidir leis an bhforfheidhmiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle.

**Poiblíocht a Dhéanamh ar Scéim Aontaithe**
Beidh an pobal in ann féachaint ar an scéim ar láithreán gréasáin agus ag oifigí na Comhairle. Déantar í a scaipeadh i measc grúpaí reachtúla agus neamhreachtúla a oibríonn sa Chontae agus Sa Chathair. Cuirtear in iúl ar leathanach Chomhairle Contae Chill Chainnigh sa Kilkenny People go bhfuil an scéim ann agus infhaighteacht na scéime. Cuirtear an scéim in iúl d'fhoireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh ar an inlíon.

Glacfaimid gach deis inár n-idirghníomhaíocht ó lá go lá le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú trí na modhanna seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn gníomhach go bhfuil rogha acu déileáil linn trí Gaeilge, mar shampla trí fhógraí a chur in airde ag an bhfáiltiú a léiríonn na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;

- na seirbhísí sin a liostáil go feiceálach ar ár láithreán gréasáin;

- a léiriú ar threoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go bhfuil na cáipéisí sin ar fáil i nGaeilge chomh maith, mura gcuirtear i láthair go dátheangach iad;

- aird chomhionann a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.